Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15293/23**

**CULT 151**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12783/21 |
| Ábhar: | Gníomhaíocht ón Aontas Eorpach i leith an Lipéid Oidhreachta Eorpaí<br>*- Comhalta ón Ostair den Phainéal a ionadú* |

1. I gcomhréir le Cinneadh 2011/831/AE ón gComhairle[1], ceapann an Chomhairle ceathrar comhaltaí ón bpainéal Eorpach de shaineolaithe neamhspleácha don Lipéad Oidhreachta Eorpach gach 3 bliana. An 29 Samhain 2021, cheap an Chomhairle a ceathrar comhaltaí ar an bpainéal Eorpach don tréimhse ó 2022 go 2024[2].

2. Le ríomhphost dar dháta an 29 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle gur cailleadh, an 11 Lúnasa 2023, Heidemarie UHL (an Ostair), duine den cheathrar saineolaithe ón gComhairle a ceapadh.

[1] IO L 330, 14.12.2011, lch. 23.
[2] 12783/21

3. I gcás nach mbeidh comhalta den phainéal Eorpach in ann a shainordú nó a sainordú a chomhlíonadh, foráiltear in Airteagal 2(6) de Chinneadh 2011/831/AE ón gComhairle go ndéanfaidh an Ballstát a cheap an comhalta sin ionadaí a cheapadh a luaithe is féidir; go gcomhlíonfaidh an ceapachán sin na ceanglais a leagtar síos i gcodanna 1 agus 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/831/AE ón gComhairle; agus go gceapfar é nó í ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an chomhalta sin.

4. Mhol an Ostair Pia SCHÖLNBERGER a cheapadh ina hionad. Bhreithnigh an Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha iarrthóireacht Schölnberger ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Deireadh Fómhair 2023, agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais uile.

5. Moltar, dá bhrí sin, go n-iarrfadh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle Pia Schölnberger (an Ostair) i gcatagóir 1 (Stair agus cultúir na hEorpa) a cheapadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo mar chomhalta den phainéal Eorpach don Lipéad Oidhreachta Eorpach ar feadh a bhfuil fágtha den tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2024.